



Ollscoil na hÉireann
National University of Ireland

Ceann Seirbhísí Acadúla agus Clárlainne

Ollscoil chónaidhmeach is ea Ollscoil na hÉireann ina bhfuil ceithre chomhollscoil agus roinnt institiúidí ardoideachais cónasctha eile. Agus í i gcoilár na hollscoile cónaidhmí, feidhmíonn OÉ mar fhóram do na comhaltaí, cuireann sí seirbhísí ar fáil dóibh siúd agus dá gcéimithe, agus déanann sí bainistíocht ar chlár agus ar chartlanna lárnaigh na hOllscoile. Féachann OÉ le cion ar leith a dhéanamh don ardoideachas a bhfuil luach ag ár mball-institiúidí air agus a aithníonn an eanáil i gcoitinne. Cuirimid réimse leathan de ghníomhaíochtaí ar bun freisin d'fhonn an léann agus an taighde a chothú agus d'fhonn cur le dul chun cinn oideachais, cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíochta. Is mian le OÉ an post sinsearach mar Cheann Seirbhísí Acadúla agus Clárlainne a líonadh ar bhonn buan.

An ról

Beidh ról tábhachtach ag an gCeann Seirbhísí Acadúla agus Clárlainne i bhforbairt OÉ amach anseo thar raon de ghníomhaíochtaí acadúla a dhéanann an ollscoil., Beidh an deis ag an duine a cheapfar cion cruthaitheach agus dinimiciúil a dhéanamh do leagan amach polasaí agus d'fhorbairt straitéiseach OÉ. Beidh ról ceannaireachta aige/aici i bhfeabhsú agus i leathnú ar raon na seirbhísí a chuireann OÉ ar fáil agus sa mhéadú ar éifeachtacht na heagraíochta. Tá an ról leathan agus beidh freagrachtaí ag an duine a cheapfar sna réimsí seo a leanas:

- léann agus taighde a chur chun cinn
- bainistíocht ar chlár dámhachtana OÉ, idir comhaltachtaí, scoláireachtaí duaiseanna agus deontaisí, a cuirtear ar fáil gach bliain do mhic léinn, chéimithe agus baill foirne na hOllscoile
- soláthar seirbhísí do na comhollscoileanna, coláistí aitheanta agus ball-institiúidí eile
- soláthar seirbhísí do chéimithe na hOllscoile
- tuarascálacha, cáipéisí faisnéise agus aighneachtaí a bhaineann le leasa agus cúraimí na hOllscoile a ullmhú
- feidhmiú mar rúnaí ar choistí agus grúpaí OÉ, cruinnithe a eagrú agus cáipéisí a ullmhú
- beartanna agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt tuilleadh chun cáilíocht na gclár acadúil agus na taithí foghlama i gcoláistí aitheanta OÉ a chinntiú agus a fheabhsú
- tionscadal agus tionscnaimh a fhorbairt i gcomhar le heagraíochtaí eile laistigh agus lasmuigh den oideachas

- baill foirne agus foirne a bhainistiú agus a fhorbairt ar fud réimsí freagrachta
- bainistiú ar na cláir lárnacha céimithe, taifid agus cartlanna ollscoile
- riar na dtoghchán a riarann OÉ.

Cáilíochtaí/scileanna de dhíth

Ag tuairisciú don Chláraitheoir, beidh an Ceann Seirbhísí Acadúla agus Clárlainne ina b(h)all den fhoireann bhainistíochta shinsearach agus beidh sé/sí suite go maith chun cuidiú le baint amach mhisean OÉ agus le héifeachtacht mhéadaithe na heagraíochta sa chéad chéim eile dá forbairt. Éilíonn an post eolas agus tuiscint dhomhain ar thimpeallacht an ardoideachais, inniúlachtaí bainistíochta agus eagraíochta ardfhorbartha, agus scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth. Beidh an duine a cheapfar ard-spreagtha agus seiftiúil le hinniúlachtaí anailíse agus scileanna fadhbréitigh láidre. Beifear ag súil go mbeidh sé/sí mar cheannaire ar an bhfoireann sna réimsí ábhartha, go nglacfaidh é/sí freagracht as cuspóirí a bhaint amach agus go gcomhoibreoidh sé/sí le comhghleacaithe sa bhainistiú ar thionscadail.

Is iad seo a leanas sainriachtanais an phoist seo:

- Scileanna eagraíochta agus riaracháin den scoth
- Inniúlachtaí ceannaireachta agus forbartha foirne
- Scileanna cumarsáide, scríbhneoireachta agus idirphearsanta den scoth
- Scileanna TF dea-fhorbartha
- Taithí shuntasach i dtimpeallacht ardoideachais agus saineolas i gceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas: dearbhú cáilíochta, bainistiú ar chláir agus taifid, comórtais do dhámhachtainí acadúla a riar, seirbhísí a sholáthar do choistí agus cáipéisí polasaí agus tuarascálacha a dhréachtadh.

Beidh cáilíocht iarchéime ag iarrthóirí (ag leibhéal 9 ar an CNC), agus seacht mbliana de thaithí ábhartha, ar a laghad.
Bheadh eolas ar an nGaeilge ina bhuntáiste.

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA:

Tuarastal agus Pinsean

Oifigeach Riaracháin Sinsearach, Scála Tuarastail (7 bpointe): €59,918 - €95,133 in aghaidh na bliana.

I gcás Iontrálaithe Nua, déanfar an ceapachán ar bhunphointe an scála agus faoi réir threoirí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Féadfaidh pá agus coinníollacha éagsúla a bheith i bhfeidhm más rud é, go díreach roimh an gceapachán, go bhfuil an ceapaí ag freastal áit éigin eile san earnáil phoiblí i bpost a bhfuil sé nó sí ag íoc na ranníocaíochta ÁSPC ag ráta Rang A, B, C nó D ina leith.

Féadfar rátaí pá a leasú ó am go ham ag teacht le Polasaí an Rialtais. Tá tuarastail faoi réir ag Asbhaintí a Bhaineann le Pinsean (PRD) mar a fhoráiltear dóibh faoi théarmaí an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009, mar a leasaíodh.

Beidh na hiontrálaithe nua uile ar fhostaíocht inphinsin san Ollscoil an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh ina mbaill den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, a bhfuil sonraí ina leith ar fáil ag:

<http://per.gov.ie/wp-content/uploads/Single-Scheme-booklet-Final.pdf>

Tá ballraíocht i Scéim Pinsean na hOllscoile éigeantach; tá aois scoir i gcomhréir le Rialacha na Scéime Pinsean.

Uaireanta

Is iad na huaireanta oibre 37 uair a' chloig in aghaidh an seachtaine, agus an t-amú le haontú leis an gClárúitheoir.

Laethanta Saoire

30 lá saoire in aghaidh na bliana.

Scéim Dhreasaithe Luathscoir (ISER)

Tá sé mar choinníoll den Scéim Dhreasaithe Luathscoir (ISER) mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais nach féidir le daoine atá ar scor, faoin Scéim sin, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Mar sin, ní féidir le daoine dá leithéid atá ar scor, iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

Dearbhú

Beidh ar d'iarrthóirí a dhearbhú cé acu ar bhain siad leas as scéim luathscoir dhreasaithe de chuid na seirbhíse poiblí roimhe seo. Beidh ar iarrthóirí freisin aon teidlíocht atá acu ar shochar pinsin Seirbhíse Poiblí (á hÍoc nó caomhnaithe) ó aon fhostaíocht eile de chuid na Seirbhíse Poiblí a dhearbhú agus/nó má fuair siad

íocaíocht in ionad maidir le seirbhís i bhfostaíocht ar bith sa tSeirbhís Phoiblí, agus sa chás sin is féidir forálacha laghdaithe pinsin na hearnála poiblí a bheith i bhfeidhm.

Promhadh

Beidh tréimhse phromhaidh trí mhí ann ina mbeidh athbhreithniú leanúnach ar fheidhmíocht. Féadfar an tréimhse phromhaidh a shíneadh ar lántoil na hOllscoile.

Rúndacht

Le linn na tréimhse fostaíochta, coinneoidh an t-iarrthóir rathúil faoi rún agus faoi chosaint iomlán gach eolas rúnda a chuirfear faoina gcúram maidir leis an Ollscoil, nó a thiocfaidh ina seilbh de dheasca a bpoist leis an Ollscoil agus a páirtithe leasmhara éagsúla.

Ceapachán

Beidh ceapacháin faoi réir ag tuarascálacha sláinte sásúla ó chomhairleoir sláinte na hollscoile.

Próiseas iarratais

Ba chóir foirm iarratais chomhlánaithe chomh maith le curriculum vitae a sheoladh chuig an gCláráitheoir trí r-phost chuig: **people@nui.ie**

Dáta deiridh:

6 Eanáir 2022 ar 5.00 pm

Tá sé beartaithe agallaimh a chur ar iarrthóirí ar an ngearrliosta sa tseachtain dar tús 24 Eanáir 2022.